

# Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

Nuair a bhí mé ar chlár ‘Mise Raiftearaí: an Fíodóir Focal’\* le Tadhg MacDhonnagáin, léigh mé an dán cáiliúil sin Mise Raiftearaí (mar gur chéadfhoilsíodh é in An Gaodhal):

Mise Raiftearaí an file  
Lán dóchais is grádh,  
Le súilibh gan solus  
Le ciúnas gan crádh.

Ag dul siar ar m'aistir  
Le solus mo chroídhe,  
Fann agus tuirseach  
Go deireadh mo shlighe.

Féach anois mé  
Is m'aghaidh ar bhalla,  
Ag seinm ceóil  
Do phócaí falamha.

Níl cúrsaí ró-dhifriúil sa lá atá inniu ann. Scríbhneoirí bochta na Gaeilge... Ach ní bhíonn a fhios ag éinne cad a thiocfaidh. An raibh fios dá laghad ag Raiftearaí go mbeadh sé cáiliúil ar fud an domhain, breis is céad bliain i ndiaidh a bháis?

Is scaifte beag sinn, ach...

Bhí mé ag scrúdú sean-stór an chumainn le déanaí. Bhíodh a lán daoine againn, agus eachtraí go leor ar bun acu le blianta fada. Cár imigh siad? Níl tásc ná tuairisc orthu - ach fan nóiméad: *tá tasc agus tuairisc orthu san irisleabhar seo!* Ní raibh aon choinne acu lena leithéid. Agus is amhlaidh an scéal san Astráil, mar a chuireann Colin Ryan in iúl dúinn. Cuirtear síos ar shaol na Gaeilge i Victoria na hAstráile i leabhar a ndéanann sé léirmheas air. Is cuimhin linn a chéile. Agus táimid fós ann.

Bímid, mar lucht scríofa na Gaeilge, ag iarraidh ar dhaoine le teangacha áitiúla a gcanúintí a choimeád beo agus a cheiliúradh, agus ag an am céanna, bímid ag iarraidh orthu gach saghas eile Gaeilge a ghlacadh is a thacú chomh maith. An bhfuil sé sin chomh hait? Tá cumann sa Ghearmáin, Muettersproch-Gellschaft ([www.alemannisch.de](http://www.alemannisch.de)), a thacaíonn le canúint ar



a dtugtar Alemannisch. Tá na daoine ar leo an chanúint seo ina gcónai sa Ghearmáin, san Ostair, i Lichtinstéin, san Fhrainc agus áiteanna eile. Tá Gearmánais nó Francais chaighdeánach ar eolas acu. Is dócha go bhfuil teangacha eile acu, mar is iondúil sa limistéar sin. Ach tá sé tábhachtach fós dóibh a ndúchas a chaomhnú. Teanga agus canúint trasteorann atá i gceist ansin. Agus is iomaí áit eile mar sin (agus cumainn mar sin) atá ann. Ní hí an Ghaeilge an t-aon teanga amháin le canúintí, agus téitear i ngleic leis an dúshlán seo ar fud an domhain. Nílimid chomh hait sin, i ndeireadh na dála.

Nó an bhfuilimid? Tá filíocht de chuid Gabriel Rosenstock againn san eagrán seo, as a leabhar nua a fhoilseofar go luath, *Scárt Feithide: Rogha Dánta le Ko Un* [An Sagart]. Aistriúcháin iad ar bhundhánta fhile iomráiteach na Córíe. Tá roinnt díobh craiceáilte ar fad. Tá siad go léir as an gcoitiantacht. Hmm. An bhfuilim ag caint faoi dhánta Ko Un, nó faoi na Gaeil?

Teanga threas-teorainn atá ag Ko Un chomh maith. Tír dheighilte atá aige. Teanga áitiúil a bhí faoi bhrú, go díreach mar an Ghaeilge. Agus is file domhanda é mar sin féin (amhail Gabriel Rosenstock).

Ní dhíríonn lucht na Gaeilge isteach orthu féin i gcónai. Teanga dhomhanda le dearcadh domhanda is ea í. Agus teanga theaghlaigh na Gaeltachta, leis...

Táimid beag. Is feithidí sinn ar thalamh an domhain. Faic na fríde. Cad ab fhearr dúinn? Ag léamh an iomarca filíochta Zen mé, seans!

Nochtaim mo thuairim is cuirim síos ar a leabhar seo ar nós níos cuimsithí i mo léirmheas, agus tá seans ag ár léitheoirí blaiseadh den fhilíocht bhreá seo a fháil san eagrán seo. Tá smaointe an Bhúdachais fite fuaité sna dánta seo. Mhol muínteoir Ko dó, agus é ina óige, díriú ar ‘faic’, nó le fírinne, gan díriú ar aon rud. Tá níos mó ná faic sna dánta seo. Agus tá faic ann freisin, mar chompánach, i rith ár léite.

An bhfuil aon rud níos neamhbhuaine ná glóir an lúthchleasaí? Nó aon rud chomh spraíúil? Bhuel, b’fhéidir an taisteal. Cur an dá rud le chéile, agus faightear a leithéid i dtuairisc Ghearóid Uí Laoi faoina thuras rothaíochta is déanaí. Tá saghas Zen ag baint leis an rothaíocht, táim cinnte. Ní ritheann faic leo, ámh. Rothaíonn.

Leantar le húrscéal Panu Höglund san eagrán seo. Tá coimhlint idir lucht labhartha teangacha éagsúla i dtír amháin mar ábhar ann. Ní bhíonn gach réiteach éasca. Ní mór dúinn é a admháil go scarann teangacha daoine. Níl lucht an Bhéarla an-sásta Gaeilge a fheiscint, mar shampla, mar síleann roinnt daoine go gcothaíonn sin deighilt i muintir na hÉireann. Ach is é mo thaithí féin ar an scéal go mbíonn an Ghaeilge ag tarraingt daoine le chéile, minic go leor daoine nach mbeadh cairdiúil lena chéile gan í. Bíonn dhá léamh ar gach scéal.

Tá Muiris ildánach Ó Bric ar ais againn le dán a scríobh sé faoi ábhar conspóideach. Feictear conas a tháinig athrú ar an saol ó thréimhse a óige. An t-aon rud buan, sin an t-athrú, mar a deirtear. Ach anois agus fadó chomh maith, bíonn daoine daonna. Ní mór dúinn réiteach go maith lena chéile, chomh fada agus is féidir.

Cuireann Lugh De Paor síos ar amhrán cáiliúil na Nollag, *Oíche Chiúin*. Más Críostaí thú, nó fiú murab ea, sílim go bhfuil an réiteach is fearr dá raibh ann riamh le brath i scéal an tSlánaitheora, a rugadh mar dhuine bocht, idir dhuine is Dhia, a thug dóchas dá mhuintir agus don domhan ar fad. Tuiscint difriúil sin ón mBúdachas, ach réitímid go maith lena chéile. Cé nár mhaith leis *himmlischer Ruh* (suaimhneas neamhaí)? Faic eile atá uainn.



\*Tá an clár seo ar fáil ar DVD ó Chló Iar-Chonnachta.

### Moltaí dár Scríbhneoirí

- Iris atá oiriúnach do gach léitheoir is ea í seo, fiú daoine óga. Mar sin, má bhíonn aon rud gáirsíúil ann, ní mór nach dtuigfeadh páiste é. B’fhearr a leithéid a sheachaint mar bhunphrionsabal.
- Iris a bheidh measúil do gach éinne is ea í seo. Mar sin, más ábhar conspóideach atá idir lámha agat, ní mór duit a bheith cothrom agus gan mhaslaí, agus más féidir, an dá thaobh a mhíniú ar shlí nach gcuirfeadh isteach ar éinne. B’fhearr an chonspóid a sheachaint, má chuireann sé isteach ar dhaoine, ach níl aon chosc ar a leithéid, má dhéantar go béasach measúil é. Ní fhoilseofar aon rud díspeagach.
- Ní iris acadúil í seo. Tá suim againn in ábhar ar bith, ach is lucht léite ginearálta atá i gceist, agus mar sin, ní mór go bhfuil stil tarraingteach spraíúil ann.
- Ní mór gur fíricí iad na fíricí a luaitear, dar ndóigh. Agus aon rud a mhaítéar, ní mór go mínítear é chun bunús a chur leis (gan a bheith leadránach).
- Is leis na húdair féin a gcuid tuairimí, agus ní chuirfear ladar an eagarthóra isteach orthu sin. B’fhearr scéalta ná tuairimí, ámh.
- Is fearr a bheith dearfach ná diúltach i gcónaí, más féidir. Scríobh mar a scríobhfá do chara.
- Is fearr linn ábhar nach raibh i gcló cheana, fiú ar an idirlón.
- Bíonn an cóipcheart ag an údar i gcónaí, mar is iondúil.